# Central Statistics Office
An Phríomh-Oifig Staidrimh

# Press Statement
Preas Ráiteas

## Daonáireamh 2002 – Imleabhar 6 - Gairmeacha Beatha

**Ceathrar as gach cúigear neamh-náisiúnaigh sa lucht oibre**

Bhí tuairim agus 150,000 den 190,000 neamh-náisiúnaigh Éireannacha a bhí cúig bliana déag d'aois agus ós a chionn i mí an Aibreáin 2002 sa lucht oibre. Is ionann é seo agus ráta rannpháirtíochta sa lucht oibre de 79%, i gcomparáid le 58% don daonra ina iomlán.

Tá an t-eolas seo ar fáil i n*Daonáireamh 2002 Imleabhar 6 – Gairmeacha Beatha*, a thugann tuilleadh mionthorthaí ar an daonáireamh a tógadh ar an 28 Aibreán 2002. Tugann an tuairisc seo na figiúirí deireanacha daonra rangaithe de réir gairme, grúpa socheacnamaíoch agus aicme sóisialta do mhion chríochranna sa tír (féach nóta an Eagarthóra).

Bhí gairmeacha beatha *Proifisiúnta, teicniúla agus sláinte* ag duine as gach cúigear (21%) de na neamh-náisiúnaigh Éireannacha sa lucht oibre, i gcomparáid le 16.5% don daonra ina iomlán.

Bhí gairmeacha beatha sna *Seirbhísí* ag 13% eile de na neamh-náisiúnaigh Éireannacha. 9.6% an céatadán a bhain leis an rannóg seo sa daonra ina iomlán.

**Líon is mó oibrithe cléireacha i mbailte timpeall ar Bhaile Átha Cliath**

B'iad na bailte ina raibh an líon b'airde oibrithe *Cléireacha, bainistíochta agus rialtais*, Mullach Íde (32%), Ráth Tó (31.8%), Port Mearnóg (30.3%), Dún Seachlainn (28.2%) agus Domhnach Bat (27.9%). Ag leibhéal náisiúnta b'ionann an grúpa gairme seo agus sa bhreis ar duine i ngach seisear sa lucht oibre.

**Titim i sciar na ngairmeacha déantúsaíochta idir 1996 agus 2002**

Thit céatadán na n-oibrithe *Déantúsaíochta* sa bhreis ar 3%, ó 15.7% sa bhliain 1996 go dtí 12.6% sa bhliain 2002.

B'iad Baile Mhistéala (26.4%), Clóirtheach (24.1%), Sionainn (22.9%) agus Ceann Toirc (22.9%) na bailte leis na céatadáin b'airde gairmeacha *Déantúsaíochta* sa bhliain 2002.

**Mullach Íde ag bun an scála socheacnamaíoch**

Bhí an céatadán b'airde den daonra i Mullach Íde i dTuaisceart Átha Cliath a bhí cúig bliana déag d'aois agus ós a chionn rangaithe sna grúpaí socheacnamaíocha *Fostóirí agus bainisteoirí* agus *lucht na bproifisiún ard*. Lena chéile b'ionann na grúpaí seo agus 41.3% den daonra cuí. Tháining na bailte Na Clocha Liatha (36.7%), Ráth Tó (36.6%), Órán Mór (36.4%) agus Áth an Sceire (35.7%) ina dhiaidh sin.

Tuilleadh /...

*Information Section*
*Central Statistics Office, Skehard Road, Cork*

Tel 021 453 5000
01 498 4000
Fax 021 453 5555
Website http://www.cso.ie
LoCall 1890 313 414
Email info@cso.ie

*Roinn Eolas*
*An Phríomh-Oifig Staidrimh, Bóthar na Sceiche Airde, Corcaigh*

Teil 021 453 5000
01 498 4000
Faics 021 453 5555
An Domhan http://www.cso.ie
GlaoÁitúil 1890 313 414
Ríomhphost info@cso.ie

Bhí an céatadán b'airde de *Lucht na bproifisiún íseal* ag Portrane (16.1%) leis an mbaile taobh leis, Domhnach Bat (15.9%) ag teacht ina dhiaidh.

Bhí an ráta b'airde ag an ngrúpa *Oibrithe Sciliúla Láimhe* i Ráth Iomgháin (18.1%), Muine Bheag (18%) agus i gCeann Toirc (16.2%).

**Nóta an Eagarthóra**

Tá achoimre ar fáil san fhoilseachán *Daonáireamh 2002 – Príomhthorthaí Socheacnamaíocha*, a foilsíodh ar an 15 Deireadh Fómhair 2003, ag leibhéal an Stáit ar shonraí ó Imleabhair 5 - 7, 9 - 10 agus 13 de na tuairiscí miona daonáirimh.Tá figiúirí ar fáil i bhfoilseachán an lae inniu, Imleabhar 6, do ghairmeacha beatha, grúpaí socheacnamaíocha agus aicmí sóisialta ag mionleibhéal tíreolaíochta.

Tá na táblaí foilsithe atá ar fáil ó Dhaonáireamh 2002 curtha ar fáil ar shuíomh idirlín na POS (www.cso.ie). Tá táblaí a bhaineann leis na leibhéil seo a leanas ar fáil ar an suíomh idirlín amháin – Toghcheantar, Toghcheantar Áitiúil agus baile beag.

**Is féidir cóipeanna den fhoilseachán a fháil ach teagmháil a dhéanamh le:**

Príomhoifig Staidrimh, Rannóg an Eolais, Bóthar Skehard, Corcaigh

nó

Oifig Dhíolacháin Foilseachán an Rialtais, Teach Sun Alliance, Sráid Theach Laighean, Baile Átha Cliath 2

Praghas: €15.

Is féidir cóipeanna a íoschóipeáil freisin ó shuíomh idirlín an POS (féach thíos).

**Tá tuilleadh eolais ar fáil ó:**

An Phríomhoifig Staidrimh, Bóthar Átha Fhirdhia, Rath Maonais, Baile Átha Cliath 6

Fiosrúcháin daonáirimh: (01) 498 4000 folíne 4284-4288
Facs: (01) 497 2360
Ríomh-phost: census@cso.ie
Idirlíon: http://www.cso.ie

*An Phríomhoifig Staidrimh* *11ú Nollaig 2003*

**– CRÍOCH–**